Nollaig 2025 © QQI

# CÁILÍOCHT MHEASÚNACHTA A DHEARBHÚ

## TREOIRLÍNTE EATRAMHACHA D'FHÍORDHEIMHNITHEOIRÍ SEACHTRACHA 2025

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

Leasaithe i mí na Nollag 2025: athbhreithnithe eatramhacha, ar feitheamh ar athbhreithniú iomlán, chun na treoirlínte a ailíniú ar shlí níos fearr le cleachtais reatha BOO agus beartais QQI maidir le bailíochtú agus cinneadh caighdeán.

Tá beartais, critéir agus treoirlínte arna mbunú ag a réamhtheachtaí agus arna gcosaint faoi alt 84 d'Acht 2012 glactha ag QQI. Glactar leo seo agus déantar iad a oiriúnú de réir mar is gá, chun tacú le beartais nua arna n-eisiúint ag QQI agus bunú sheirbhísí QQI i gcomhréir le hAcht 2012. Le himeacht ama, cuirfear beartais nua QQI in ionad na mbeartas seo.

I gcás aon choinbhleachta idir an beartas, na critéir agus na treoirlínte oidhreachta arna nglacadh agus arna n-oiriúnú agus beartas QQI, beidh beartas QQI i réim.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# RÉAMHRÁ

Is nuashonrú eatramhach ar na treoirlínte reatha iad na treoirlínte seo d'fhíordheimhneoirí seachtracha go dtí go ndéanfar sna hocht mí dhéag atá romhainn nó mar sin nuashonrú níos suntasaí ar threoirlínte QQI maidir le measúnú tar éis próiseas athbhreithnithe córasach agus domhain a dhéanfar i gcomhairle le geallsealbhóirí.

Is é príomhchuspóir an nuashonraithe eatramhaigh ailíniú níos fearr a dhéanamh idir na treoirlínte agus beartais QQI maidir le bailíochtú, cinneadh caighdeán agus bronnadh dámhachtainí, a threoirlínte dearbhaithe cáilíochta do sholáthraithe clár cumaisctheagus clár atá ar líne go hiomlán agus cleachtais reatha BOO.

Is é an príomhathrú i gcomparáid leis an leagan roimhe seo an t-aitheantas sainráite gurb é an caighdeán dámhachtana do dhámhachtain ainmnithe QQI an tsraith d'íostorthaí foghlama cláir beartaithe (MIPLOanna) agus d'íostorthaí foghlama modúl beartaithe (MIMLOanna) a bhaineann leis an gclár as a leanann an dámhachtain sin. Cinntear MIPLOanna agus MIMLOanna tráth an bhailíochtaithe agus féadfaidh an soláthraí iad a choigeartú tar éis bailíochtú laistigh de theorainneacha agus de réir a nóásanna imeachta dearbhaithe cáilíochta doiciméadaithe chun athruithe den sórt sin a dhéanamh. Soiléiríonn na treoirlínte freisin, cé go n-áirítear teicnící measúnaithe i sonraíochtaí dámhachtainí Chóras Comhdhámhachtainí QQI go rialta, nach bhfuil oibleagáid ar sholáthraithe na teicnící seo a úsáid ach go bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh siad na straitéisí measúnaithe atá leagtha amach ina gcláir bhailíochtaithe. Ní mór aon athruithe ar mheasúnú tar éis bailíochtú a bhainistiú de réir na nósanna imeachta ábhartha dearbhaithe cáilíochta.

Áirítear leis na treoirlínte eatramhacha roinnt athruithe agus soiléirithe beaga.

Tá súil againn go mbeidh an nuashonrú eatramhach seo ar na treoirlínte úsáideach agus muid ag obair leis an earnáil BOO i dtreo nuashonrú níos cuimsithí a dhéanamh.

Nollaig 2025

# CLÁR

1. CUSPÓIR ....3
1.1 Réamhrá ....3
1.2 An Comhthéacs....3
2 SOCRUITHE SCAOILTE ....4
3 RÓL ....4
4 CÓD CLEACHTAIS ....5
5 AN PRÓISEAS FÍORDHEIMHNITHE SHEACHTRAIGH ....6
5.1 Socruithe a dheimhniú leis an soláthraí....6
5.2 Coinbhleacht leasanna ....6
5.3 Infhaighteacht....6
5.4 Luach saothair ....7
6 AG ULLMHÚ DON CHUAIRT FÍORDHEIMHNITHE SHEACHTRAIGH ....7
6.1 Socruithe na cuairte a phleanáil agus a chomhaontú....7
6.2 Faisnéis a iarraidh ....8
7 FÍORDHEIMHNIÚ SEACHTRACH A DHÉANAMH....8
7.1 Tuarascáil/acha ó fhíordheimhniú seachtrach a athbhreithniú....9
7.2 Raon fianaise a shampláil....9
7.3 Torthaí an mheasúnaithe a mhodhnú ....10
7.3.1 An próiseas modhnóireachta.... 11
8 TUAIRISCIÚ.... 14
8.1 Aiseolas cuiditheach .... 14
8.2 Tuarascáil an fhíordheimhnitheora sheachtraigh....15
8.3 Fadhbanna a thagann as ....15
AGUISÍN 1: PRÓISEAS MEASÚNAITHE AN TSOLÁTHRAÍ.... 17
AGUISÍN 2: TEIMPLÉAD DE LITIR DHEIMHNITHE DON FHÍORDHEIMHNITHEOIR SEACHTRACH .... 18
AGUISÍN 3: [BAINTE]....20
AGUISÍN 4: CRITÉIR GHRÁDAITHE AGUS CAIGHDEÁIN DÁMHACHTAINÍ ....20
AGUISÍN 5: TEIMPLEAD DO THUARASCÁIL FÍORDHEIMHNITHE SHEACHTRAIGH....22
AGUISÍN 6: [BAINTE].... 24

# CUSPÓIR

Is é príomhchuspóir na dtreoirlínte seo treoir a thabhairt do sholáthraithe maidir le cur i bhfeidhm an phróisis fhíordheimhnithe sheachtraigh. Feidhmíonn siad freisin chun creat agus struchtúr coiteann a sholáthar d'fhíordheimhneoirí seachtracha chun a ról a chomhlíonadh, chun a chinntiú go gcuirtear an próiseas fíordheimhnithe sheachtraigh i gcrích ar bhealach córasach, comhtháite, gairmiúil agus trédhearcach.

Gach soláthraí a thairgeann cláir as a leanann dámhachtainí QQI, ní mór dóibh próiseas fíordheimhnithe sheachtraigh a bheith i bhfeidhm acu. An soláthraí a cheapann an fíordheimhneoir seachtrach, agus is dó a thuairiscíonn an fíordheimhnitheoir.

Is saineolaí neamhspleách é fíordheimhneoir seachtrach a thugann léargas oibiachtúil don soláthraí a fhostaíonn é ar chúrsaí a bhaineann le measúnú suimitheach ar fhoghlaimeoirí atá ina n-iarrthóirí ar dhámhachtainí QQI.

Tá na treoirlínte leagtha amach sa tslí is go léiríonn siad príomhghnéithe ról an fhíordheimhneora agus go n-éascaíonn siad cur i gcrích an phróisis fhíordheimhnithe sheachtraigh.

Chomh maith leis na treoirlínte seo, beidh ar an bhfíordheimhneoir a bheith eolach ar na doiciméid seo a leanas:

- Cáilíocht Mheasúnachta a Dhearbhú - Treoirlínte Eatramhacha do Sholáthraithe 2025.
- Beartais QQI maidir le bailíochtú, dámhachtainí a dhéanamh agus caighdeáin.
- Caighdeáin ábhartha dámhachtainí QQI.
- An CNC agus táscairí leibhéil ábhartha.
- Clárdhoiciméid agus doiciméid ábhartha eile.

## 1.1 RÉAMHRÁ

Tá treoirlínte measúnaithe do sholáthraithe ar fáil chun cabhrú le forbairt beartas agus nósanna imeachta chomh maith le straitéisí measúnaithe clár agus modúl, ar mhaithe le measúnú cothrom agus comhsheasmhach caighdeán-bhunaithe ar fhoghlaimeoirí.

Leagtar amach sna treoirlínte seo ról agus freagracht an tsoláthraí maidir le cáilíocht gach gné dá gcleachtas measúnaithe a dhearbhú.

## 1.2 AN COMHTHÉACS

Chun a ról agus a bhfreagrachtaí i ndáil le measúnú a chomhlíonadh, ceanglaítear ar sholáthraithe cláraithe na próisis seo a leanas a chur i bhfeidhm mar a léirítear in Aguisín 1:

- próiseas measúnaithe
- próiseas fíordheimhnithe
- próiseas ceadaithe torthaí chun ceadú torthaí a phróiseáil
- próiseas achomharc
- próiseas chun deimhniú a iarraidh.

Is é cuspóir an phróisis fhíordheimhnithe cothroime, comhsheasmhacht, iontaofacht agus bailíocht an mheasúnaithe agus thoradh an mheasúnaithe a chinntiú i gcás torthaí foghlaimeoirí ar fud gach cláir agus dámhachtana. Cuidíonn an próiseas fíordheimhnithe leis an soláthraí a chinntiú go soláthraítear torthaí foghlaimeoirí cruinne agus deimhnithe ó thaobh cáilíochta de do QQI.

Déanann an soláthraí fíordheimhniú seachtrach trí fhíordheimhneoir seachtrach neamhspleách a roghnú.

Féadfaidh soláthraithe aon duine a roghnú le bheith ina fhíordheimhneoir seachtrach ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir atá leagtha amach sna treoirlínte do sholáthraithe.

## 2 SOCRUITHE SCAOILTE

Bíonn socruithe scaoilte seanbhunaithe i bhfeidhm ag go leor fostóirí agus ní mór do gach fíordheimhnitheoir seachtrach cloí leis na socruithe sin. Ní mór d'fhíordheimhnitheoirí seachtracha socruithe scaoilte a dheimhniú, más infheidhme, lena bhfostóir féin sula n-aontaíonn siad sannadh fíordheimhnithe sheachtraigh a ghlacadh.

## 3 RÓL

Is é ról an fhíordheimhnitheora sheachtraigh dearbhú neamhspleách a sholáthar go ndearnadh measúnú cothrom agus comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí i gcomhréir le ceanglais QQI agus a chinntiú go bhfuil torthaí an mheasúnaithe comhsheasmhach le caighdeáin náisiúnta. Déanfaidh fíordheimhnitheoirí seachtracha:

- deimhniú a thabhairt go ndearnadh measúnú cothrom agus comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí i gcomhréir leis an gclár bailíochtaithe, le beartas agus nósanna imeachta an tsoláthraí agus le caighdeáin agus treoirlínte QQI
- tuairisc(í) fíoraithe inmheánacha a athbhreithniú agus na torthaí a fhíordheimhniú
- straitéis samplála a chur i bhfeidhm chun torthaí an mheasúnaithe a mhodhnú i gcomhréir le ceanglais QQI (féach alt 5.4 de Cháilíocht Mheasúnachta a Dhearbhú - Treoirlínte Eatramhacha do Sholáthraithe 2025)

- torthaí an mheasúnaithe a mhodhnú de réir na n-íostorthaí foghlama atá beartaithe don chlár agus don mhodúl
- cuairt a thabhairt[1] ar an ionad agus casadh ar an bhfoireann agus ar na foghlaimeoirí lena mbaineann
- páirt a ghlacadh sa phróiseas ceadaithe torthaí de réir bheartais agus nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta
- aon saincheisteanna/neamhrialtachtaí a aithint i ndáil leis an bpróiseas measúnaithe
- torthaí a mholadh lena gceadú, más gá (agus tar éis plé leis an soláthraí), an réasúnaíocht le haghaidh aon athruithe gráid a mholadh agus a dhoiciméadú
- tuarascáil fíordheimhnithe sheachtraigh a chur ar fáil (féach an teimpléad in Aguisín 5).

# 4 CÓD CLEACHTAIS

Aithnítear sa chód cleachtais seo príomhréimsí an róil agus na caighdeáin nó an ghairmiúlacht a mbeifear ag súil leis i gcónaí ó fhíordheimhneoirí seachtracha. Ní mór d'fhíordheimhneoirí seachtracha gealltanas a thabhairt oibriú laistigh den chód cleachtais seo.

Geallfaidh an fíordheimhnitheoir seachtrach:

- a ról a fheidhmiú le hionracas agus gairmiúlacht i gcónaí agus fíordheimhniú seachtrach á dhéanamh aige do sholáthraí
- treoirlínte, beartais agus nósanna imeachta BOO de chuid QQI a chomhlíonadh go sonrach maidir le dámhachtainí agus measúnú
- gach ceann de bheartais agus nósanna imeachta an tsoláthraí a chomhlíonadh go hiomlán
- an soláthraí a chur ar an eolas faoi aon choinbhleacht leasanna a d'fhéadfadh a ról a chur i mbaol
- an soláthraí a chur ar an eolas faoi infhaighteacht
- cumarsáid a dhéanamh go cuí leis an soláthraí agus iad a chur ar an eolas faoi chuairteanna pleanáilte agus faoin bhfaisnéis a theastaíonn
- aiseolas cuiditheach a chur ar fáil do bhainisteoirí agus d'fhoireann an ionaid
- tuarascáil fíordheimhnithe sheachtraigh a thiomsú in am agus bunaithe ar mheastóireacht neamhspleách ar an bpróiseas agus ar na nósanna imeachta..

1 De ghnáth, cuairt phearsanta a bheidh sa chuairt fíordheimhnithe sheachtraigh ach féadfaidh sí tarlú ar bhonn fíorúil i gcás ina measann an soláthraí go bhfuil sé sin riachtanach agus iomchuí.

# 5 AN PRÓISEAS FÍORDHEIMHNITHE SHEACHTRAIGH

An soláthraí a roghnaíonn agus a shannann an fíordheimhneoir seachtrach. A luaithe a cheapann soláthraí fíordheimhnitheoir chun an ról seo a chomhlíonadh is iad seo a leanas na príomhchéimeanna sa phróiseas fíordheimhnithe:

1. Socruithe a dheimhniú leis an soláthraí
2. Ullmhúcháin a dhéanamh do chuairt fíordheimhnithe sheachtraigh
3. An próiseas fíordheimhnithe a sheoladh
4. Torthaí an mheasúnaithe a mhodhnú
5. Tuairisciú

## 5.1 SOCRUITHE A DHEIMHNIÚ LEIS AN SOLÁTHRAÍ

Tar éis an chéad teagmhála leis an soláthraí, bítear ag súil go ndéanfaidh an fíordheimhnitheoir:

- an soláthraí a chur ar an eolas faoi aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh cur isteach ar ionracas an phróisis
- infhaighteacht a dheimhniú leis an soláthraí agus amchlár beartaithe a chomhaontú chun an obair fhíordheimhniúcháin a dhéanamh
- luach saothair, téarmaí agus coinníollacha a chomhaontú don obair atá le déanamh

## 5.2 COINBHLEACHT LEASANNA

An soláthraí a shannann an fíordheimhnitheoir agus ní mór dó a bheith neamhspleách ar an ionad a bhfuil sé/sí sannta dó. Tá sé de dhualgas ar an bhfíordheimhnitheoir an soláthraí a chur ar an eolas ar an gcéad teagmháil má bhíonn aon choinbhleacht leasanna ann a d'fhéadfadh teacht chun cinn nó a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar ionracas an phróisis.

## 5.3 INFHAIGHTEACHT

Ní mór don fhíordheimhnitheoir a infhaighteacht a dheimhniú agus a chomhaontú leis an soláthraí chun an ról a ghlacadh don **tréimhse deimhniúcháin** shonrach (tá dátaí deimhniúcháin tábhachtacha ar fáil ag www.QQI.ie) a bhfuil siad ag teastáil ina leith agus don fhad a mheasann an fíordheimhnitheoir a bheidh riachtanach i bhfianaise na hoibre atá i gceist. Chun an ról a chomhlíonadh, is féidir go mbeidh sé riachtanach an fíordheimhnitheoir a scaoileadh óna fhostóir.

Agus infhaighteacht á deimhniú, ba cheart don fhíordheimhnitheoir dátaí agus amanna a chomhaontú don chuairt fíordheimhniúcháin. Ba cheart dáta agus am na cuairte fíordheimhnithe a dheimhniú i scríbhinn don soláthraí ansin (féach Aguisín 2 le haghaidh litir shamplach).

Má dhéantar teagmháil le fíordheimhnitheoir agus má aontaíonn sé/sí an próiseas a sheoladh do roinnt ionad/soláthraithe éagsúla scaipthe thar raon suíomhanna éagsúla, beidh sé riachtanach plean agus sceideal cuairteanna a chruthú.

Ba cheart an próiseas fíordheimhnithe sheachtraigh a chríochnú in am trátha chun a chinntiú gur féidir leis an soláthraí/ionad dátaí foilsithe QQI a chomhlíonadh do dheireadh gach tréimhse deimhniúcháin.

### 5.4 LUACH SAOTHAIR

Comhaontaítear socruithe maidir le luach saothair idir an soláthraí agus an fíordheimhneoir aonair.

Más rud é go bhfuil luach saothair le cur i bhfeidhm, cinnfidh an soláthraí é seo trí cibé próisis atá i bhfeidhm aige. Ba chóir don fhíordheimhneoir, bunaithe ar an obair atá i gceist, táille agus costais chuí a chomhaontú leis an soláthraí sula seoltar an fíordheimhniú seachtrach. Tá sampla de litir don chomhaontú seo leagtha amach in Aguisín 2.

## 6 AG ULLMHÚ DON CHUAIRT FÍORDHEIMHNITHE SHEACHTRAIGH

Roimh chuairt fhíordheimhnithe a dhéanamh, táthar ag súil go ndéanfaidh an fíordheimhnitheoir:

- socruithe na cuairte a phleanáil agus a chomhaontú roimh ré leis an soláthraí/ionad
- faisnéis chuí a iarraidh
- aon oiliúint chuí a dhéanamh agus freastal ar aon chruinnithe eolais chuí.

### 6.1 SOCRUITHE NA CUAIRTE A PHLEANÁIL AGUS A CHOMHAONTÚ

Tar éis don fhíordheimhnitheoir aontú an fíordheimhniú seachtrach a dhéanamh thar ceann an tsoláthraí, is é an chéad chéim eile ná cuairt ar an ionad/na hionaid a shocrú.

Is dea-chleachtas é clár oibre nó plean cuairte a ullmhú roimh an gcuairt, agus an fhaisnéis a theastaíonn ar an lá a dheimhniú leis an soláthraí.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa chlár oibre:

- sainaithint na gclár agus na ndámhachtainí a bhfuil fíordheimhniú seachtrach le déanamh ar na torthaí a bhaineann leo
- pleananna chun fianaise foghlaimeoirí a shampláil (ag cur straitéis samplála an tsoláthraí i bhfeidhm)
- fianaise foghlaimeora atá ag teastáil ar an lá
- baill foirne nach mór a bheith ar fáil
- aiseolas don soláthraí (seisiún gearr ina dtugtar aiseolas ó bhéal ag deireadh na cuairte).

## 6.2 FAISNÉIS A IARRAIDH

Roimh an gcuairt, ba chóir don fhíordheimhneoir a iarraidh go gcuirfí an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- na híostorthaí foghlama modúl agus cláir atá beartaithe a bhaineann leis na cláir agus na dámhachtainí a bhfuil torthaí le fíordheimhniú ina leith
- liosta de ghrúpa(í) foghlaimeoirí as a roghnófar an sampla
- straitéis samplála i.e. conas a chinntíonn an soláthraí go bhfuil sampla ionadaíoch ar fáil don fhíordheimhneoir agus an bunús ar a roghnóidh an fíordheimhneoir an sampla
- plean measúnaithe
- tuarascáil/acha fíoraithe inmheánacha
- ionstraimí measúnaithe i.e. achoimrí, páipéir scrúdaithe
- scéimeanna marcála do ghníomhaíochtaí measúnaithe sonracha agus réitigh gharbha a leagan amach nuair is cuí
- má tá fianaise foghlaimeora á fíordheimhniú ó níos mó ná ionad amháin, sonraí maidir le conas agus cá háit a gcuirfear fianaise foghlaimeora ar fáil.

# 7 FÍORDHEIMHNIÚ SEACHTRACH A DHÉANAMH

Ba chóir don fhíordheimhneoir teacht go dtí an áit ag an am ceaptha agus í/é féin a chur in iúl don Stiúrthóir/Príomhoide/Comhordaitheoir Cúrsa nó don duine atá ainmnithe ag an soláthraí. Agus an próiseas fíordheimhnithe á sheoladh aige, déanfaidh an fíordheimhnitheoir:

- athbhreithniú ar an tuarascáil/na tuarascálacha fíoraithe inmheánaigh agus na torthaí a fhíordheimhniú

- sampláil a dhéanamh ar raon fianaise foghlaimeora ag baint úsáide as straitéis samplála an tsoláthraí
- torthaí an mheasúnaithe a mhodhnú de réir na dtorthaí foghlama íosta atá beartaithe do chlár agus do mhodúl na gclár bailíochtaithe ábhartha.

## 7.1 TUARASCÁIL/ACHA Ó FHÍORDHEIMHNIÚ SEACHTRACH A ATHBHREITHNIÚ

Is é is fíorú inmheánach ann an próiseas trína ndéanfar beartais agus nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí a bhaineann le pleanáil, bainistiú agus oibriú gach gné de chleachtais mheasúnaithe a fhíorú go hinmheánach i.e. déanann an soláthraí féin monatóireacht orthu.

Áirítear leis an bpróiseas a sheiceáil an bhfuil nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí curtha i bhfeidhm ar fud raon na ngníomhaíochtaí measúnaithe agus cruinneas thorthaí an mheasúnaithe a sheiceáil/a mhonatóiriú chun a chinntiú go bhfuil fianaise ann ó fhoghlaimeoirí agus go ndéantar na torthaí agus na gráid a ríomh agus a thaifeadadh i gceart.

Baineann fíorú inmheánach le seiceáil go bhfuil fianaise ar mheasúnú ar fáil do gach foghlaimeoir a chuirtear i láthair agus go ndéantar na torthaí a thaifeadadh, agus go sanntar gráid de réir an chláir bhailíochtaithe agus aon cheanglais dámhachtana QQI eile. Ba chóir torthaí a fhíorú go hinmheánach sula gcuirtear ar fáil iad le haghaidh fíordheimhniú seachtrach. Féadfaidh an soláthraí fíorú inmheánach a dhéanamh ar bhonn samplála.

Ba chóir go mbeadh an tuarascáil fíoraithe inmheánaigh ar fáil don fhíordheimhnitheoir sula seoltar an próiseas fíordheimhnithe sheachtraigh. Déanann an fíordheimhnitheoir athbhreithniú ar thuarascáil/acha fíoraithe inmheánaigh agus fíordheimhníonn sé na torthaí.

## 7.2 RAON FIANAISE A SHAMPLÁIL

Cuireann an fíordheimhnitheoir straitéis samplála an tsoláthraí i bhfeidhm agus sampla cuí fianaise foghlaimeora á roghnú le modhnú. Ba chóir d'fhíordheimhnitheoirí a chinntiú go bhfuil siad soiléir ar straitéis samplála an tsoláthraí sula dtosaíonn siad. Féadfaidh an straitéis a ghlacann soláthraithe aonair a bheith éagsúil de réir mhéid agus chomhthéacs an tsoláthraí. D'fhéadfadh straitéis samplála soláthraí do chlár mórdhámhachtana straitéis chun comhpháirteanna aonair a fhíordheimhniú ar bhonn rollta a áireamh, e.g., gan breathnú ar gach dámhachtain chomhpháirte i ngach cás ach ina ionad sin ar roinnt cásanna suas le gach dhá bhliain. Mar sin féin, ba cheart cláir mhórdhámhachtana a fhíordheimhniú uair sa bhliain ar a laghad nó i ngach cás mura dtairgtear iad gach bliain.

Tugtar treoirlínte maidir le sampláil agus minicíocht an fhíordheimhnithe i Roinn 5.3.4 de Cháilíocht Mheasúnachta a Dhearbhú - Treoirlínte Eatramhacha do Sholáthraithe 2025 de chuid QQI.

Ba cheart don fhíordheimhneoir intinn an fhíordheimhneora chun sampláil a dhéanamh agus an sampla sonrach atá le roghnú a phleanáil agus a chomhaontú leis an soláthraí roimh ré. Ba cheart é seo a ionchorprú sa phlean/chlár oibre cuairte.

Ba cheart d'fhíordheimhneoirí an méid seo a leanas a thabhairt ar aird maidir le sampláil:

- is é an fíordheimhneoir, ní an soláthraí, a roghnaíonn an fhianaise atá le sampláil, agus straitéis samplála an tsoláthraí á cur i bhfeidhm aige.
- Ní mór don sampla a bheith leordhóthanach chun go mbeidh an fíordheimhnitheoir in ann breithiúnas eolach a thabhairt ar chomhsheasmhacht na gcinntí measúnaithe i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama íosta atá beartaithe don chlár agus don mhodúl
- ba cheart don sampla scaipeadh na ngrád (más infheidhme) agus na ngrád imeallach a léiriú i.e. Pas, Pas le Tuillteanas, Pas le Gradam, chun a chinntiú go bhfuil critéir ghrádaithe á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- má tá an fíordheimhnitheoir ag modhnú torthaí ó roinnt measúnóirí agus clár, ba cheart go léireodh an sampla fianaise gach measúnóir agus gach clár go leordhóthanach.
- má tá an fíordheimhnitheoir ag modhnú torthaí ó roinnt ionad don soláthraí, ba cheart go léireodh an sampla gach ionad go leordhóthanach.
- ba cheart breithiúnais/cinntí nua measúnóirí a shampláil uair amháin ar a laghad le linn an timthrialla measúnaithe.
- má shainaithnítear saincheisteanna suntasacha laistigh de shampla, ba cheart don fhíordheimhnitheoir athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise don chohórt iomlán foghlaimeoirí as ar tógadh an sampla.

## 7.3 TORTHAÍ AN MHEASÚNAITHE A MHODHNÚ

Déantar measúnú cothrom, comhsheasmhach, bailí agus iontaofa ar fhoghlaimeoirí a dheimhniú i gcomhréir leis na torthaí foghlama ábhartha atá beartaithe trí mhodhnú a dhéanamh ar thorthaí measúnaithe. Is é an modhnú an próiseas trína dtugann an fíordheimhnitheoir breithiúnas ar fhianaise mharcáilte an fhoghlaimeora a chuirtear i láthair de réir na dtorthaí foghlama íosta atá beartaithe don chlár agus don mhodúl agus na gcaighdeán náisiúnta.

Bíonn athbhreithniú ar thorthaí agus seiceáil chaighdeán na fianaise ag gach banda gráid i gceist le modhnú torthaí an mheasúnaithe: Rathúil (leibhéil 1 - 3), Pas le Gradam, Pas le Tuillteanas, Pas (leibhéil 4 - 6) trí shamplaí fianaise laistigh de gach banda gráid agus ag teorainneacha na ngrád a scrúdú.

Is iad na pointí criticiúla ag a gcuirtear breithiúnas i bhfeidhm ná na teorainneacha idir bandaí/gráid: e.g. Neamhrathúil/Rathúil, Neamhrathúil/Pas, Pas/Pas le Tuillteanas, Pas le Tuillteanas/Pas le Gradam.

Chun torthaí an mheasúnaithe a mhodhnú, déanann an fíordheimhnitheoir:

- athbhreithniú ar na híostorthaí foghlama beartaithe don chlár agus don mhodúl agus na caighdeáin náisiúnta
- athbhreithniú ar na critéir ghrádaithe chineálacha (Alt 4.6 de Cháilíocht Mheasúnachta a Dhearbhú - Treoirlínte Eatramhacha do Sholáthraithe 2025)
- deimhnítear na teicnící agus na huirlisí measúnaithe agus cinntítear go bhfuil comhsheasmhacht le ceanglais an chláir agus na dámhachtana
- deimhnítear go bhfuil na critéir mheasúnaithe agus na leatháin mharcála oiriúnach
- breithníonn sé sampla d'fhianaise agus de thorthaí foghlaimeoirí chun comhsheasmhacht a chinntiú leis na híostorthaí foghlama beartaithe don chlár agus don mhodúl, le critéir ghrádaithe chineálacha QQI agus le caighdeáin náisiúnta.

### 7.3.1 An próiseas modhnóireachta

Chun torthaí an mheasúnaithe a mhodhnú, cuirfidh an fíordheimhnitheoir na céimeanna seo a leanas i bhfeidhm:

1. Athbhreithnítear na torthaí a chuireann an soláthraí i láthair ar na tuarascálacha sealadacha ar thorthaí agus aird ar leith á tabhairt ar scaipeadh na ngrád ag: Pas le Fiúntas, Pas le Tuillteanas, Pas, Rathúil, Neamhrathúil.
2. Roghnaigh sampla fianaise, cuir straitéis samplála an tsoláthraí i bhfeidhm agus cinntigh go bhfuil sé scaipthe ar fud na mbandaí gráid éagsúla agus ag an teorainn idir gráid.
3. Bunaigh pointí scoite na ngrád (féach thíos).
4. Athbhreithnigh caighdeán na fianaise ag gach banda gráid i.e.
   A. I gcás Leibhéil 1 -- 3, roghnaigh sampla de na punainn
   B. I gcás Leibhéil 4 – 6 roghnaigh laistigh den sampla an fhianaise foghlaimeora a bhfuil an **marc is ísle** agus an **marc is airde** aici ar na línte teorann idir na gráid i.e. an pas is ísle/an marc neamhrathúil is airde/an pas le tuillteanas is ísle / an pas is airde, an pas le gradam is ísle/an pas le tuillteanas is airde.
5. Scrúdaigh an fhianaise laistigh den sampla agus tagairt á déanamh do na híostorthaí beartaithe foghlama cláir agus modúl agus do na caighdeáin náisiúnta agus do chritéir mheasúnaithe agus do leatháin mharcála an tsoláthraí.
6. Tabhair breithiúnas maidir le cibé an gcomhlíonann an fhianaise an caighdeán ábhartha a cheanglaítear ag an ngrád seo agus tagairt á déanamh do na critéir ghrádaithe.
7. Má **aontaíonn** tú leis an toradh a thug an measúnóir, deimhnigh é seo ar an leathán marcála agus ar an tuarascáil torthaí i gcolún an fhíordheimhnitheora sheachtraigh.
8. Má **easaontaíonn** tú leis an toradh a thug an measúnóir, beidh ort na gráid uile don mheasúnóir sin a shainaithint agus na marcanna uile a choigeartú dá réir i gcomhairle leis an soláthraí agus leis an measúnóir.

## Samplaí:

**Cás 1**

Céim 1: Scrúdaíonn tú an pas le tuillteanas is ísle agus bunaithe ar na critéir mheasúnaithe aontaíonn tú gur pas le tuillteanas é. Aistríonn tú an marc agus an grád pas le tuillteanas seo chuig colún an fhíordheimhnitheora sheachtraigh.

Céim 2: Scrúdaíonn tú an pas le tuillteanas is airde agus bunaithe ar na critéir mheasúnaithe aontaíonn tú gur pas le tuillteanas é. Aistríonn tú an marc agus an grád pas le tuillteanas seo chuig colún an fhíordheimhnitheora sheachtraigh.

Céim 3: Ós rud é go bhfuil tú tar éis aontú anois gur pas le tuillteanas iad an pas le tuillteanas is airde agus an pas le tuillteanas is ísle, deimhnítear gach marc idir an dá mharc seo mar phas le tuillteanas agus is féidir iad a aistriú chuig colún an fhíordheimhnitheora sheachtraigh.

Céim 4: Ansin bogann tú ar aghaidh go banda gráid eile agus déanann tú an próiseas céanna.

**Cás 2**

Céim 1: Scrúdaíonn tú an pas le tuillteanas is ísle ach bunaithe ar na critéir mheasúnaithe ní aontaíonn tú gur pas le tuillteanas é ach aontaíonn tú gur pas a ba chóir a bheith ann. Aistríonn tú an marc pas agus an grád athbhreithnithe chuig colún an fhíordheimhnitheora sheachtraigh.

Céim 2: Scrúdaíonn tú an chéad phas le tuillteanas is ísle eile ach bunaithe ar na critéir mheasúnaithe ní aontaíonn tú gur pas le tuillteanas é ach oiread ach aontaíonn tú gur pas a ba chóir a bheith ann. Aistríonn tú an marc pas agus an grád athbhreithnithe chuig colún an fhíordheimhnitheora sheachtraigh.

Céim 3: Scrúdaíonn tú an chéad phas le tuillteanas eile is ísle ach bunaithe ar na critéir mheasúnaithe aontaíonn tú gur pas le tuillteanas é ach oiread. Aistríonn tú an marc agus an grád tuillteanas seo chuig colún an fhíordheimhnitheora sheachtraigh. Tá an pointe scoir don ghrád pas le tuillteanas is ísle socraithe agat anois.

Céim 4: Déanann tú an próiseas céanna don phas le tuillteanas is airde go dtí go socraíonn tú an pointe scoir.


Céim 5: Ós rud é go bhfuil tú tar éis aontú anois gur pas le tuillteanas iad an pas le tuillteanas is airde agus an pas le tuillteanas is ísle, deimhnítear an dá mharc seo mar phas le tuillteanas agus is féidir iad ar fad a aistriú chuig colún an fhíordheimhnitheora sheachtraigh.

Céim 6: Ag céim 2 shocraigh tú an pointe scoir don Phas is airde, leis, ionas gur féidir leat dul ar aghaidh chun an pas is ísle a shocrú agus mar sin de.


Beidh ort **an pointe scoir gráid a bhunú** agus an próiseas seo a chur i bhfeidhm maidir le **gach measúnú** laistigh den sampla.

## Cairteacha sreafa léiritheacha den phróiseas


Léirítear an próiseas modhnóireachta seo sna graif seo a leanas.




**Fíor 1.** An próiseas modhnóireachta lena mbunaítear an pointe scoir idir pas le gradam agus pas le tuillteanas




**Fíor 2.** An próiseas modhnóireachta lena mbunaítear an pointe scoir idir pas le tuillteanas agus pas




**Fíor 3.** An próiseas modhnóireachta lena mbunaítear an pointe scoir idir pas agus neamhrathúil (curtha ar aghaidh)

# 8 TUAIRISCIÚ

Tar éis chríochnú an phróisis fhíordheimhnithe sheachtraigh, ní mór don fhíordheimhneoir aiseolas a thabhairt don soláthraí agus tuairisciú ar thoradh an phróisis. Déanfaidh an fíordheimhneoir:

- aiseolas cuiditheach a sholáthar do bhainistíocht an tsoláthraí
- tuarascáil fíordheimhnitheora sheachtraigh a tháirgeadh agus na torthaí molta a shíniú
- aon fhadhbanna a thagann chun cinn a shainaithint

## 8.1 AISEOLAS CUIDITHEACH

Tabharfaidh an fíordheimhnitheoir aiseolas cuiditheach dóibh siúd atá páirteach sa phróiseas measúnaithe. Nuair is féidir, ba chóir aiseolas ó bhéal a thabhairt go díreach don mheasúnóir(í). Má thagann fadhb chun cinn, ba chóir í a shainaithint go soiléir, agus treoir éigin a thabhairt maidir le conas réiteach a fháil.

Má athraítear aon torthaí le linn an phróisis mhodhnóireachta, ní mór iad a shainaithint agus a thuairisciú. Moltar liosta de na hathruithe go léir a cheangal le tuarascáil an fhíordheimhnitheora chun leasa an tsoláthraí.

## 8.2 TUARASCÁIL AN FHÍORDHEIMHNITHEORA SHEACHTRAIGH

Ní mór don fhíordheimhnitheoir tuarascáil scríofa a thiomsú ina dtaifeadtar toradh an phróisis fhíordheimhnithe sheachtraigh. Seoltar an tuarascáil go díreach chuig an soláthraí agus cuirtear ar fáil í do QQI tríd an soláthraí.

Sa tuarascáil déanfar trácht ar mheasúnú cothrom agus comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí, agus deimhneofar é, go háirithe a mhéad atá cinntí measúnaithe comhsheasmhach leis na torthaí foghlama atá beartaithe do mhodúil agus do chláir agus le caighdeáin náisiúnta.

De ghnáth, ceapann an soláthraí formáid na tuarascála i gcomhthéacs a ndoiciméad agus a gcóras. Cuirtear teimpléad ar fáil in Aguisín 5.

I measc rudaí eile, ba cheart go léireodh an tuarascáil go soiléir na dámhachtainí a fíordheimhníodh, bunús na samplála agus sampla na bhfoghlaimeoirí a roghnaíodh.

Ba cheart don tuarascáil dea-chleachtas a shainaithint agus a aibhsiú agus trácht a dhéanamh ar réimsí feabhsúcháin laistigh den phróiseas measúnaithe.

Ba cheart don tuarascáil dóthain faisnéise a sholáthar don phainéal ceadaithe torthaí chun go mbeidh sé in ann ainm a chur leis na torthaí agus na torthaí a cheadú le muinín nó dóthain faisnéise a thabhairt dó ionas go mbeifear in ann aon fhadhbanna a thagann chun cinn i ndáil leis na torthaí a shainaithint agus moltaí a dhéanamh maidir le gníomh ceartaitheach. Mar chuid den fhianaise atá ag an soláthraí maidir le monatóireacht, ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas QQI breithiúnas a thabhairt an bhfuil próisis mheasúnaithe agus fíordheimhnithe an tsoláthraí á gcur i bhfeidhm go héifeachtach.

Féadfaidh an soláthraí a iarraidh ar an bhfíordheimhnitheoir páirt a ghlacadh sa phainéal ceadaithe torthaí. Is é feidhm an phainéil ceadaithe torthaí ainm a chur leis na torthaí fíordheimhnithe agus é sin a dheimhniú do QQI.

## 8.3 FADHBANNA A THAGANN AS

Má shainaithníonn an fíordheimhnitheoir aon neamhrialtacht shuntasach nó fadhb thromchúiseach, ba cheart aird stiúrthóir/phríomhoide an ionaid a dhíriú air. Murar ceist phráinneach é, is féidir é seo a dhéanamh tríd an fhadhb a shainaithint agus a dhoiciméadú i dtuarascáil an fhíordheimhnitheora sheachtraigh. I gcás inar féidir, ba chóir don fhíordheimhneoir oibriú leis an soláthraí ar bhealach cuiditheach chun aon ghníomhartha a d'fhéadfadh an soláthraí a chur i bhfeidhm chun an cheist a réiteach a mheas. Más ceist phráinneach í, ba chóir í a chur faoi bhráid stiúrthóir/phríomhoide an ionaid láithreach.

Níor chóir don fhíordheimhneoir torthaí a mholadh lena gceadú trí phróiseas ceadaithe torthaí an tsoláthraí mura bhfuil siad muiníneach nach ndéanann an cheist dochar suntasach d'ionracas an phróisis mheasúnaithe.

I gcás ina bhfuil imní thromchúiseach ar an bhfíordheimhneoir faoi ionracas phróiseas measúnaithe an tsoláthraí, ba chóir é seo a chur faoi bhráid QQI go díreach trí https://qhelp.qqi.ie/

Ba chóir d'fhíordheimhneoirí iarracht a dhéanamh i gcónaí a gcuid imní a phlé leis an soláthraí sula ndéanann siad teagmháil le QQI.

# AGUISÍN 1: PRÓISEAS MEASÚNAITHE AN TSOLÁTHRAÍ

## FORAMHARC: 5 PHRÍOMHCHÉIM

**1. Measúnú**

- beartais, próisis agus nósanna imeachta measúnaithe a bhunú agus a chur i bhfeidhm
- ionstraimí measúnaithe, scéimeanna marcála agus critéir mheasúnaithe a cheapadh
- fianaise foghlaimeoirí a mheas agus a bhreithniú
- torthaí a thaifeadadh
- aiseolas tráthúil agus cuiditheach a sholáthar don fhoghlaimeoir is féidir leo a úsáid chun tacú lena bhfoghlaim

**2. Próiseas fíordheimhnithe**

### A. Fíorú inmheánach

- a fhíorú gur cuireadh gach nós imeachta measúnaithe i bhfeidhm
- monatóireacht a dhéanamh ar thoradh an phróisis mheasúnaithe .i. torthaí an mheasúnaithe ar bhonn **samplach**

### B. Fíordheimhniú seachtrach

- fíordheimhnitheoir seachtrach a shannadh in aghaidh gach dámhachtana bunaithe ar shaineolas leathan dámhachtana/réimse foghlama
- déanfaidh fíordheimhnitheoir seachtrach modhnú ar thorthaí an athbhreithnithe trí fhianaise foghlaimeoirí a shampláil de réir straitéis samplála an tsoláthraí féin

**3. Ceadú torthaí**

- Painéal Ceadaithe Torthaí a bhunú
- torthaí ar mheasúnuithe a cheadú agus a shíniú
- torthaí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí

**4. Próiseas achomharc**

- próiseas achomharc a bhunú
- 14 lá ar a laghad a cheadú d'fhoghlaimeoirí chun achomharc a thaisceadh i gcoinne an phróisis mheasúnaithe nó an toraidh
- gach achomharc a phróiseáil

**5. Iarratas ar dheimhniú**

- gach toradh foghlaimeora a chur isteach
- agus é sin á dhéanamh, torthaí atá faoi achomharc a mharcáil amhlaidh

# AGUISÍN 2: TEIMPLÉAD DE LITIR DHEIMHNITHE DON FHÍORDHEIMHNITHEOIR SEACHTRACH

Seoladh an fhíordheimhnitheora sheachtraigh

Dáta

Ainm an Phríomhoide/Stiúrthóra

Seoladh an tsoláthraí

**Maidir le: fíordheimhniú seachtracha a shannadh**

A Phríomhoide/a Stiúrthóir, a chara,

Aontaím glacadh le ról an Fhíordheimhnitheora Sheachtraigh do d'ionad don tréimhse deimhniúcháin [cuir isteach mí/bliain].

Mar a comhaontaíodh, is é an táille don ról seo ná [cuir isteach an táille chomhaontaithe] móide costais taistil agus cothabhála.

Mar a comhaontaíodh, tabharfaidh mé cuairt ar an ionad ar [cuir isteach an dáta agus an t-am] chun fíordheimhniú seachtrach a dhéanamh. Ina theannta sin, comhlánóidh mé an páipéarachas a bhaineann leis an ról seo i [cuir isteach líon na laethanta] lá.

Mar ullmhúchán do mo chuairt, beidh na doiciméid seo a leanas ón ionad de dhíth orm.

1. Sonraí faoi na cláir agus na dámhachtainí modúl ábhartha:

| Príomhchód dámhachtana | Teideal an chláir | Cláir leabaithe agus a gcóid dámhachtana (lena n-áirítear leis seo, ach níl sé teoranta dóibh, comhpháirteanna) |
|---|---|---|
| | | |
| | | |

2. Na híostorthaí foghlama modúl agus cláir bheartaithe a bhaineann leis na cláir agus na dámhachtainí a bhfuil torthaí le fíordheimhniú ina leith.
3. Liosta de ghrúpa(í) foghlaimeoirí as a roghnófar an sampla.
4. Straitéis samplála i.e. conas a chinntíonn an soláthraí go bhfuil sampla ionadaíoch ar fáil don fhíordheimhneoir agus an bunús ar a roghnóidh an fíordheimhneoir an sampla.
5. An plean measúnaithe.
6. Na hionstraimí measúnaithe i.e. achoimrí, páipéir scrúdaithe.

7. Na scéimeanna marcála do ghníomhaíochtaí measúnaithe sonracha agus réitigh gharbha a leagan amach nuair is cuí.
8. An tuarascáil/na tuarascálacha fíordheimhnithe inmheánaigh, má tá siad ar fáil roimh ré.
9. Má tá fianaise foghlaimeora á fíordheimhniú ó níos mó ná ionad amháin, sonraí maidir le conas agus cá háit a gcuirfear fianaise foghlaimeora ar fáil.

Más féidir, ba cheart go mbeadh baill foirne chuí ar fáil, ar lá na cuairte.

Bheinn buíoch dá bhféadfá teagmháil a dhéanamh liom trí ríomhphost [cuir ríomhphost isteach] chun socruithe a dhéanamh chun an fhaisnéis thuas a sholáthar dom go slán faoi [dáta].

Is mise, le meas,

# AGUISÍN 3: [BAINTE]

# AGUISÍN 4: CRITÉIR GHRÁDAITHE AGUS CAIGHDEÁIN DÁMHACHTAINÍ

Tá na critéir ghrádaithe cineálacha cóipeáilte ó Alt 4.6 de **Cháilíocht Mheasúnachta a Dhearbhú - Treoirlínte Eatramhacha do Sholáthraithe 2025**.

Déanann critéir ghrádaithe cur síos ar a bhfuil le baint amach ag foghlaimeoir chun grád áirithe a bhaint amach le haghaidh dámhachtain ag leibhéal áirithe. Leagann na táblaí seo a leanas amach na critéir ghrádaithe do dhámhachtainí QQI ag leibhéil 1 - 6.

## 1. CRITÉIR CHINEÁLACHA GRÁDAITHE DO DHÁMHACHTAINÍ AG LEIBHÉIL 1 GO 3

| | Rathúil[2] | | |
|---|---|---|---|
| | **Leibhéal 1** | **Leibhéal 2** | **Leibhéal 3** |
| **Critéir Ghrádaithe** | Tá na híostorthaí foghlama beartaithe don dámhachtain bainte amach ag an bhfoghlaimeoir i suíomh foghlama struchtúrtha agus tacaithe. Tá na torthaí bainte amach le tacaíocht agus treoir shuntasach ón measúnóir, ach tá gnóthachtáil leanúnach léirithe ag an bhfoghlaimeoir as a stuaim féin. | Tá na híostorthaí foghlama beartaithe don dámhachtain bainte amach ag an bhfoghlaimeoir i suíomh foghlama struchtúrtha agus tacaithe, le treoir shoiléir ón measúnóir. Tá roinnt neamhspleáchais gníomhaíochta léirithe ag an bhfoghlaimeoir agus tá freagracht theoranta glactha aige as na gníomhaíochtaí agus as fianaise a ghiniúint. | Tá na híostorthaí foghlama bainte amach ag an bhfoghlaimeoir don dámhachtain le roinnt maoirseachta agus treorach. Tá neamhspleáchas gníomhaíochta léirithe ag an bhfoghlaimeoir agus tá freagracht glactha aige as fianaise chuí a ghiniúint. |

2 Féach alt 4.5 le haghaidh sainmhíniú ar na híostorthaí foghlama beartaithe don dámhachtain.

## 2. CRITÉIR CHINEÁLACHA GRÁDAITHE DO DHÁMHACHTAINÍ AG LEIBHÉIL 4 GO 6

| Pas | Pas le tuillteanas | Pas le gradam |
|---|---|---|
| Léiríonn Pas gur éirigh leis an bhfoghlaimeoir:<br>• na híostorthaí foghlama beartaithe ábhartha a bhaint amach (is é pas an caighdeán íosta inghlactha don ghradam)<br>• teanga an réimse ghairmiúil/ speisialaithe a úsáid go hinniúil<br>• iarracht a dhéanamh an teoiric agus na coincheapa a chur i bhfeidhm go cuí<br>• dóthain fianaise a sholáthar a bhí ábhartha agus soiléir. | Léiríonn Pas le tuillteanas gur éirigh leis an bhfoghlaimeoir:<br>• na híostorthaí foghlama beartaithe ábhartha a bhaint amach (tugann pas le tuillteanas le fios gur sroicheadh caighdeán maith)<br>• teanga an réimse ghairmiúil/ speisialaithe a úsáid le leibhéal áirithe líofachta<br>• smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt go soiléir<br>• scileanna tionscnaimh, meastóireachta agus anailíseacha a léiriú<br>• fianaise chomhtháite agus chuimsitheach a chur i láthair. | Léiríonn Pas le gradam le tuillteanas gur éirigh leis an bhfoghlaimeoir:<br>• na híostorthaí foghlama beartaithe ábhartha a bhaint amach (tugann pas le gradam le fios gur sroicheadh caighdeán sármhaith)<br>• teanga an réimse ghairmiúil/ speisialaithe a úsáid go líofa agus go féinmhuiníneach<br>• tuiscint dhomhain ar an ábhar a léiriú<br>• ardleibhéal tionscnaimh agus scileanna meastóireachta a léiriú<br>• smaointeoireacht anailíseach agus machnamhach a léiriú<br>• smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt go soiléir, go córasach agus go cuimsitheach<br>• fianaise chomhtháite, mhionsonraithe agus fhócasaithe a chur i láthair |

# AGUISÍN 5: TEIMPLÉAD DO THUARASCÁIL FÍORDHEIMHNITHE SHEACHTRAIGH

**Tuarascáil ar fhíordheimhniú seachtrach thorthaí an mheasúnaithe**

Cuirtear an teimpléad seo ar fáil mar uirlis do sholáthraithe agus d'fhíordheimhnitheoirí seachtracha. Féadfaidh soláthraí a thuarascáil fíordheimhnithe sheachtraigh féin a cheapadh, áfach. Ní mór a chinntiú go gcloítear leis an bpróiseas le haghaidh fíordheimhniú seachtrach atá leagtha amach agus fíoraithe sa tuarascáil seo.

| | |
|---|---|
| **Soláthraí Cláraithe/Ainm an Lárionaid:** | |
| **Uimhir Chláraithe:** | |
| **Dáta an phróisis fhíordheimhnithe sheachtraigh:** | |

| | |
|---|---|
| **Tabhair bonn an tsampla agus méid an tsampla:** | Ba chóir an bunús ar ar roghnaíodh an sampla a shainaithint anseo. i.e. tógadh an sampla don Dámhachtain Ainmnithe 'X' ó fhoghlaimeoirí i dtrí ionad. Líon iomlán na bhfoghlaimeoirí = 220 Méid an tsampla (roghnaithe ar bhonn randamach ar fud na ngrád) = 15<br><br>I gcás ina dtógfar an sampla ó níos mó ná ionad amháin, ba chóir na hionaid atá san áireamh sa sampla a liostáil sa tuarascáil seo. |
| **Dámhachtain(na) ainmnithe agus cóid don sampla roghnaithe**<br><br>(Dámhachtain(na) ainmnithe a bhfuil torthaí maidir leo á bhfíordheimhniú go seachtrach) | |
| | |
| **Sonraí an fhíordheimhnitheora sheachtraigh** | Ainm (Priontáil):<br><br>Seoladh/sonraí teagmhála: |

| **Tuarascáil ar fhíordheimhniú seachtrach thorthaí an mheasúnaithe** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon isteach i gcás gach dámhachtana ainmnithe/ grúpa torthaí measúnaithe atá á bhfíordheimhniú | Ar fhíoraigh an soláthraí na torthaí go hinmheánach? | | Ar gineadh fianaise i gcomhréir leis an gclár bailíochtaithe? | | An bhfuil na torthaí arna gcur i láthair comhsheasmhach leis na caighdeáin náisiúnta don dámhachtain? (Mura bhfuil, sainaithin na torthaí a athraíodh) | | Barúlacha/Pointí Gníomhaíochta (Más 'Níl' aithin fadhbanna/déan moltaí). |
| Teideal na dámhachtana ainmnithe | Tá | Níorbh ann dó | Tá | Níorbh ann dó | Tá | Níorbh ann dó | Tráchtaí |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |

| | |
|---|---|
| Dámhachtainí modhnaithe | |
| Líon na ngrád a athraíodh | |
| % na ngrád a athraíodh | |
| Déan cur síos ar shamplaí dea-chleachtais a chonacthas/sainaithin údair imní: | |
| Luaigh réimsí ina dteastaíonn feabhsú | |

| | | |
|---|---|---|
| **Sínithe:** | Fíordheimhnitheoir seachtrach: | Dáta: |
| | Soláthraí: | Dáta: |

Is féidir go gcuirfear an tuarascáil seo ar fáil do QQI.

# AGUISÍN 6: [BAINTE]